Ollscoil *na* hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta

Cúrsaí Iarchéime

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

DEISEANNA OIDEACHAIS CEATHRÚ LEIBHÉAL
IN OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

go4th™

Oideachas Iarchéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

www.go4th.ie/acadamh

Cuireann an tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta cúrsaí iarchéime ar fáil le freastal ar dhaoine ar mian leo cáilíochtaí ardchaighdeáin a bhaint amach i réimse an aistriúcháin agus na hateangaireachta.

Deiseanna fostaíochta i réimse an aistriúcháin agus na hateangaireachta

De thoradh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus stádas nua na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh ón 1 Eanáir 2007, beidh poist den scoth mar aistritheoirí agus mar ateangairí le fáil feasta in Éirinn agus san Aontas Eorpach.

Tá deiseanna gairme ar fáil le comhlachtaí stáit agus príobháideacha a chuireann seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta ar fáil agus baineann an-deiseanna féinfhostaíochta leis an aistriúchán freisin, go háirithe i gcomhthéacs an dul chun cinn sa nuatheicneolaíocht le tamall de bhlianta.

Baineann an-tábhacht anois le cáilíochtaí aitheanta ollscoile chun na deiseanna fostaíochta seo a thapú.

Iarratas a dhéanamh ar áit ar na cúrsaí

Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh www.pac.ie agus bíodh an cód cuí PAC agat.

Spriocdháta d'iarratais

Is bunaithe ar iarratais a gheofar faoin 3 Aibreán 2009 a dhéanfar tairiscintí sa chéad bhabhta. Is ar bhonn rollach a mheasfar iarratais ina dhiaidh sin.

Táillí na gcúrsaí

Le socrú.

Tús na gcúrsaí

7 Meán Fómhair 2009.

ARD-DIOPLÓMA SNA DÁNA (LÉANN AN AISTRIÚCHÁIN)
GYA84

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine nach ndearna staidéar ar Léann an Aistriúcháin sa bhunchéim. Oireann an cúrsa do dhaoine a bhfuil ardscileanna teanga acu agus ar spéis leo gairm a shaothrú mar aistritheoir. Faigheann na mic léinn deis taithí oibre a dhéanamh, rud a thugann cleachtadh praiticiúil dóibh ar ghairm an aistriúcháin.

Cuspóirí
- Tú a ullmhú mar aistritheoir ar ardchaighdeán a bhfuil na bunscileanna ar fad agat a theastaíonn chun tascanna aistriúcháin a dhéanamh go críochnúil;
- Go mbeadh ar do chumas oibriú faoi bhrú i ngrúpa nó as do stuaim féin, agus aistriúchán ar chaighdeán gairmiúil a dhéanamh laistigh de spriocdhátaí;
- Go mbeadh eolas agat ar na cineálacha éagsúla téacsanna a aistrítear go Gaeilge agus go mbeifeá in ann déileáil leo mar is cuí;
- Go mbeadh ar do chumas oibriú le huirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe agus uirlisí leictreonacha téarmaíochta.

Riachtanais iontrála
Bunchéim (leibhéal 8) mar aon le caighdeán sásúil sa scrúdú iontrála.

Critéir roghnúcháin
Déantar an roghnúchán bunaithe ar chomh maith is a d'éirigh leis an iarratasóir i gcúrsaí acadúla go dtí seo agus ar a f(h)eiliúnacht don chúrsa de réir an scrúdaithe iontrála.

Modúil an chúrsa
- Ceart na Gaeilge
- Teicneolaíocht an Aistriúcháin I
- Aistriúchán Closamhairc agus Scáileáin
- Aistriúchán Téacsanna

Fad an chúrsa
Reáchtálfar an clár ar bhonn lánaimseartha ar feadh bliain acadúil amháin, ó Mheán Fómhair go Bealtaine.

Líon áiteanna
15 áit san iomlán a bheas ar fáil gach bliain.

M.A.
(LÉANN AN AISTRIÚCHÁIN)
GYA83

Is cúrsa é seo atá dírithe ar dhaoine a bhfuil staidéar déanta acu ar Léann an Aistriúcháin sa bhunchéim nó san Ard-Dioplóma. Tá sé dírithe, dá bhrí sin, ar dhaoine a bhfuil eolas maith cheana féin acu ar an ábhar agus atá ag iarraidh barr feabhais a chur ar an eolas sin.
Caitear seimeastar iomlán i mbun cleachtadh oibre, ionas go bhfaigheann mic léinn máistreacht ar na scileanna atá sealbhaithe acu sa bhunchéim nó san Ard-Dioplóma.

Cuspóirí

- Barr feabhais a chur ar scileanna atá sealbhaithe sa bhunchéim nó san Ard-Dioplóma;
- Eolas a chur ar shainréimsí de chuid an ábhair nach ndearnadh staidéar orthu roimhe seo sa bhunchéim ná san Ard-Dioplóma;
- Eolas mion a chur ar shaol oibre an aistritheora trí chleachtadh oibre struchtúrtha.

Riachtanais iontrála

Dara hOnóracha, Grád 1 san ábhar bunchéime *Léann an Aistriúcháin* mar aon le Dara hOnóracha, Grád 2 sa bhunchéim ina hiomláine
nó
Dara hOnóracha, Grád 1 san Ard-Dioplóma (Léann an Aistriúcháin).

Modúil an chúrsa

- Cleachtadh Oibre
- Tionscadal / Tráchtas

agus ceithre mhodúl díobh seo a leanas:

- Stair agus Teoiric an Aistriúcháin
- Aistriúchán Reachtaíochta
- Teicneolaíocht an Aistriúcháin II
- Ateangaireacht
- An tAistriúchán Liteartha Comhaimseartha
- An tAontas Eorpach agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta

Fad an chúrsa

Reáchtálfar an clár ar bhonn lánaimseartha ar feadh bliain iomlán féilire, ó Mheán Fómhair go Lúnasa.

Líon áiteanna

15 áit san iomlán a bheas ar fáil gach bliain.

M.A. / DIOPLÓMA IARCHÉIME (AISTRIÚCHÁN REACHTAÍOCHTA AGUS DLÍ) GYA86

Tá an cúrsa seo á chur ar bun chun céimithe a ullmhú ionas go mbeidh ar a gcumas feidhmiú go héifeachtach mar aistritheoirí a bheadh ag plé le reachtaíocht, doiciméid dlí, agus ábhar gaolmhar. Tá sé dírithe ar dhaoine a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine ar spéis leo an dlí agus atá ag iarraidh an spéis sin a cheangal le húsáid teangacha ag leibhéal an-ard.

Cuspóirí

- Oiliúint a chur ort ionas go mbeidh ar do chumas feidhmiú go héifeachtach mar aistritheoir a bheadh ag plé le reachtaíocht, doiciméid dlí, agus ábhar gaolmhar;
- Oiliúint a chur ort i réimsí éagsúla dlí ionas go mbeidh ar do chumas post a fháil in eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh agus anseo in Éirinn;
- Léargas agus taithí a thabhairt duit ar aistriúchán cáipéisí ilchineálacha dlí ó Bhéarla go Gaeilge;

Riachtanais iontrála

Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, chomh maith le caighdeán sásúil sa scrúdú iontrála. Cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais ó iarratasóirí a bhfuil bunchéim acu i Léann an Aistriúcháin, sa Ghaeilge, nó sa Dlí.

Critéir roghnúcháin

Déantar an roghnúchán bunaithe ar chomh maith is a d'éirigh leis an iarratasóir i gcúrsaí acadúla go dtí seo agus ar a f(h)eiliúnacht don chúrsa de réir an scrúdaithe iontrála.

Modúil an chúrsa

• Cruinnscríobh na Gaeilge	• Aistriúchán Téacsanna Reachtaíochta
• Teicneolaíocht an Aistriúcháin	• Aistriúchán Téacsanna Dlí
• Bunreacht na hÉireann	• Tionscadal / Tráchtas*
• An tAontas Eorpach / Cuairt Staidéir	

** I gcás an M.A. amháin.*

Cáiliú don M.A.

Caithfear 60% san iomlán a bhaint amach i modúil an Dioplóma Iarchéime le bheith i dteideal tabhairt faoin M.A.

Fad an chúrsa

Reáchtálfar an clár ar bhonn lánaimseartha ar feadh bliain acadúil, i gcás an Dioplóma Iarchéime, nó ar feadh bliain iomlán féilire, i gcás an M.A.

Líon áiteanna

15 áit san iomlán a bheas ar fáil gach bliain.

M.A. / DIOPLÓMA IARCHÉIME (ATEANGAIREACHT CHOMHDHÁLA)
GYA85

Bunaíodh an cúrsa seo chun freastal ar an nganntanas ateangairí atá san Aontas Eorpach. Ó tugadh stádas oifigiúil don Ghaeilge san Eoraip, tá borradh tagtha faoin méid daoine le Gaeilge agus cáilíochtaí ateangaireachta atá ag teastáil. Tá an clár seo bunaithe ar an gCéim Mháistreachta Eorpach in Ateangaireacht Chomhdhála.

Cuspóirí

- Oiliúint a chur ort ionas go mbeidh ar do chumas feidhmiú mar ateangaire gairmiúil i margadh an lae inniu;
- Oiliúint a chur ort i réimsí éagsúla cúrsaí reatha ionas go mbeidh eolas agus foclóir agat a chuirfeadh ar do chumas ateangaireacht a dhéanamh ar réimse leathan ábhar.

Riachtanais iontrála

Beidh céim onóracha 2:2 chomh maith le sáreolas ar an nGaeilge agus ar an mBéarla riachtanach chun áit a fháil ar an gclár. Beidh ateangaireacht idir an Fhraincis agus an Ghaeilge / an Béarla ar fáil agus d'fhéadfaí teangacha eile a úsáid freisin ach dóthain éilimh a bheith orthu. Beifear ag súil go mbeidh eolas ginearálta ar chúrsaí idirnáisiúnta agus ar chúlra eacnamaíoch, sóisialta agus cultúir na hÉireann agus na dtíortha lena mbaineann a dteanga(cha) oibre ag iarratasóirí.

Critéir roghnúcháin

Beidh ar iarratasóirí tabhairt faoi thriail infheidhmeachta agus agallamh chun a n-oiriúnacht don chlár a mheas, agus caithfidh siad pas a fháil iontu sin chun áit a fháil ar an gclár.

Modúil an chúrsa

- Teoiric agus Cleachtas na hAteangaireachta
- Ateangaireacht Leantach I & II
- Ateangaireacht Chomhuaineach I & II
- An tAontas Eorpach / Cuairt Staidéir
- Tionscadal / Tráchtas*

** I gcás an M.A. amháin.*

Cáiliú don M.A.

Caithfear 60% san iomlán a bhaint amach i modúil an Dioplóma Iarchéime le bheith i dteideal tabhairt faoin M.A.

Líon áiteanna

12 áit san iomlán a bheas ar fáil gach bliain.

Fad an chúrsa

Reáchtálfar an clár ar bhonn lánaimseartha ar feadh bliain acadúil, i gcás an Dioplóma Iarchéime, nó ar feadh bliain iomlán féilire, i gcás an M.A.

FIOSRÚCHÁIN

Aistriúchán
Cassie Ní Chathasaigh,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Fón: + 353 91 869 022
Facs: + 353 91 595 041
R-phost: aistriu@oegaillimh.ie
www.acadamh.ie

Ateangaireacht
Susan Folan,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Fón: + 353 91 869 102
Facs: + 353 91 595 041
R-phost: ateangaireacht@oegaillimh.ie
www.acadamh.ie

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Guthán: 00 353 91 869 022
R-phost: aistriu@oegaillimh.ie